



A Chómhúinteoir, a chara,

Beannachtaí ó Fhoireann Ghaeilge Iar-bhunscoile an GhaelAonaid. Tá an chéad téarma beagnach thart againn anois. Beidh gach duine ag súil go mór leis an mbriseadh lár téarma agus sos tuillte go maith againn gan amhras. Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as Oíche Shamhna agus guímid gach rath oraibh don chéad téarma eile.

**Na geataí ar oscailt
idir thíos agus thuas.
Taibhsí ag eitilt
thall is abhus.**

‘An Oíche Mhór’ le Tonaí O Roduibh



Tionól Teagaisc 2026

Is cúis áthais d'Oide go mbeidh Tionól Teagaisc 2026 ar siúl ar an 7 Samhain, 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise, R32 TYW7 ó 9.15 - 3.30. Beidh lón san áireamh do chách. Is ócáid thar a bheith luachmhar é an Tionól; is deis í chun dea-chleachtais ghairmiúla i gcomhthéacsanna éagsúla a roinnt ar a chéile agus chun plé gairmiúil a bheith againn le múinteoirí eile. Téama na bliana seo ná 'Dearcadh dearfach i leith úsáid na Gaeilge - deiseanna agus féidearthachtaí'. Gheobhfar tuilleadh eolais faoi na ceardlanna atá á reachtáil ag múinteoirí Gaeilge ar an gclár thíos. Tá an fhoirm chláraithe don Tionól Teagaisc ar fáil ag an nasc [seo](#). Bígí linn!

**Oide**Tácu leis an bhFoghlaim
Ghairmiúil i measc Ceannairí
Scoile agus Múinteoirí



Tionól Teagaisc 2026

Téama an Tionóil: Dearcadh Dearfach i leith úsáid na Gaeilge - deiseanna agus féidearthachtaí

Seisiún 1: 10:30 - 11:15

‘Pleanáil don Ardteistiméireacht Ghaeilge le béim ar leith ar an litríocht a mhúineadh go céimeach’ Freda Kinsella (Scoil Mhuire, Tír an Iúir, Baile Átha Cliath)

‘Ag Trá ón Tobar - Ag cruthú acmhainní Gaeilge d’lar-bhunscoileanna Meán-Bhéarla’ Lydia Uí Ruairc agus Áine Nic Giolla Phádraig (COGG)

‘Foclóir.ie sa seomra ranga’ Pádraig Ó Mianáin agus Cormac Breathnach (Foras na Gaeilge)

‘Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga (FCÁT). An Tairbhe agus an luach a bhaineann léi’ Emer Liston (Scoil Chonghlais) agus Conchúir Mac Giobúin (Oide)

Seisiún 2: 11:45 - 12:30

‘Aisling sa Rang: Beatha agus Nuálaíocht in “Uirchill an Chreagáin” ’ Vikki Ní Bhréin (Coláiste Phobal Lusca, Baile Átha Cliath)

‘Stór Focal agus Giotaí Teanga ’ Sinéad Ní Ghuidhir (Ollscoil na Gaillimhe)

‘An Tuiseal Ginideach - córas teagaisc céim ar chéim’ Eibhlín De Hamúin (Coláiste na mBráithe Criostaí, Corcaigh)

‘Dearadh micreamhodúil don Idirbhliain bunaithe ar an bpacáiste Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge’ Emer Davitt agus Aoife Ní Shéaghdha (COGG)



Tionól Teagaisc 2026

Téama an Tionóil: Dearcadh Dearfach i leith úsáid na Gaeilge - deiseanna agus féidearthachtaí

Seisiún 3: 12:30 - 13:15

‘Filíocht gan Stró - Ag Múineadh na Filíochta go Córasach’ Siobhán
Ní Chorca (Gaelcholáiste Chill Dara, Cill Dara)

‘Teagasc na Litríochta sa tSraith Shóisearach’ Sarah Murphy (Scoil
na hOllscoile Caitlicí, Baile Átha Cliath)

‘Bua na Litríochta don Ardteistiméireacht’ Ailish MacNamara (Coláiste
Pobail de Nóglá, Corcaigh)

‘Straitéisí chun Teicnící Scannánaíochta a Mhúineadh’ Móna Ní
Mhurchú (Coláiste Mhuire, Na Glaschnoic, Contae Lú)

Seisiún 4: 14:45 - 15:30

‘An Fhealsúnacht do Pháistí mar mhodh chun téacsanna Gaeilge T1
a mhúineadh’ Sam Shortall (Coláiste Cois Life, Baile Átha Cliath)

‘An Ghaeilge: Teanga Bheo ar scoil’ Siobhán Ní Mhurchú (Coláiste
Fhlannáin, Contae an Chláir)

‘Múineadh na gramadaí trí Litríocht na hArdteistiméireachta’ Jessica
Ní Bhroin (St. Killian’s Deutsche Schule, Baile Átha Cliath)

‘Acmhainní Snas.ie mar ábhar tacaíochta don tSraith Shinsearach’
Cormac Ó Loideáin (Lárionad na Gaeilge, Taighde, Teagasc agus
Tástáil, Ollscoil Mhá Nuad)





Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2026/2027

Tá soláthar EFGanna Gaeilge 2026/2027 d'iar-bhunscoileanna faoi lán seoil. San EFG seo, féachtar ar Ráiteas an Chláir Idirbhliana. Beidh deis ag múinteoirí dea-chleachtais a roinnt ar a chéile agus a gcleachtas ionchuimsitheach féin a fhorbairt maidir le teagasc, le foghlaim agus le measúnú na Gaeilge.

Club Leabhar na Gaeilge ‘Léigh Leat, Leabhar Linn’

Ar an 16 Samhain 2026, reachtálfar an chéad seimineár den tsraith ‘Club Leabhar na Gaeilge’ de chuid an GhaelAonaid ina bhféachfar ar na féidearthachtaí a bhaineann le Club Leabhar na Gaeilge a bhunú do mhúinteoirí iar-bhunscoile sa chomhthéacs T1 agus T2. Féachfar ar conas club leabhar a bhunú, a struchturú agus a chothabháil, ar bhealaí praiticiúla le suim agus muinín foghlaimeoirí sa léamh a chothú, agus an léamh ar son taitnimh agus tuisceana a chur chun cinn. Sraith de thrí EFG a bheidh ann ar an iomlán. Is féidir clárú [anseo](#).



Ábhar Tacaíochta

Tá ábhar tacaíochta cruthaithe ag an gComhairle Um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta i gcomhar le TG4. Tá na míreanna agus bileoga oibre ar fáil [anseo](#). Seo sampla den mhéid atá ar fáil:

- Maoiniú don Ghaeilge i mBuiséad 2027
- Campus Ollscoile Nua i bPort Láirge
- Scéim na Leabhar Saor in Aisce.

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Foghlaim
TG 4



@OideGaelAonad



@Oide_GaelAonad



Gairmeacha le Gaeilge

Tá an acmhainn - Deiseanna Gairmeacha le Gaeilge, leagan eagrán 2026-7 (leagan Gaeilge agus Béarla.) - ar fáil anois saor in aisce ó COGG. Tuilleadh eolais [anseo](#).

Pacáiste ilmheáin le bileoga gairmeacha a léiríonn na deiseanna le Gaeilge a úsáid tar éis na scolaíochta. Deiseanna tríú leibhéal, breis oideachais, scoláireachtaí, scéimeanna cónaithe agus saol sóisialta iontach má leantar le Gaeilge tar éis na scoile!



Nath na Míosa

Scéal ó Shamhain go Bealtaine - scéal fada nach bhfuil dé air.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltimid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie. Bí chugainn agus fáilte.

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, GaelAonad, Oide.
Ní haon ualach í an fhoghlaim